# FÓGRA FOLÚNTAIS[1]

# STIÚRTHÓIR FEIDHMIÚCHÁIN

**(B/F)**

# TAG.: ESMA/2020/VAC10/AD14

| | |
|---|---|
| **Cineál conartha** | Gníomhaire Sealadach[2] |
| **Feidhmghrúpa agus grád** | AD14 |
| **Fad an chonartha** | 5 bliana, agus is féidir síneadh a chur leis uair amháin[3] |
| **Roinn** | ESMA/Bainistíocht Shinsearach |
| **Áit fostaíochta** | Páras, An Fhrainc |
| **Spriocdháta le haghaidh iarratas** | 16/10/2020 (23:59 uair, am áitiúil Pháras) |
| **Liosta ionadaithe bailí go dtí** | 31/12/2021 |

## 1. An tÚdarás

Is Údarás neamhspleách de chuid an Aontais atá bunaithe i bPáras é ESMA. Is é misean ESMA cosaint infheisteoirí a fheabhsú agus margaí airgeadais cobhsaí agus ordúla a chur chun cinn. Eascraíonn an misean seo ó Rialachán bunaidh ESMA[4] agus tá trí chuspóir i gceist:

- **Cosaint infheisteoirí:** freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais tomhaltóirí airgeadais agus a gcearta mar infheisteoirí a threisiú agus a gcuid freagrachtaí a aithint ag an am céanna;
- **Margaí ordúla:** sláine, trédhearcacht, éifeachtúlacht agus dea-fheidhmiú na margaí airgeadais agus bonneagair láidre margaidh a chur chun cinn; agus
- **Cobhsaíocht airgeadais:** an córas airgeadais a neartú ionas gur féidir leis tuairteanna agus titim ó chéile neamhchothroime airgeadais a sheasamh, agus fás eacnamaíoch a chothú san am céanna.

Cuireann ESMA na cuspóirí seo i gcrích trí cheithre ghníomhaíocht: (i) measúnú a dhéanamh ar rioscaí d'infheisteoirí, do mhargaí agus do chobhsaíocht airgeadais, (ii) leabhar rialacha aonair a chomhlánú do mhargaí airgeadais AE; (iii) cóineasú maoirseachta a chur chun cinn; agus (iv) maoirseacht dhíreach a dhéanamh ar eintitis airgeadais sonracha[5].

---

[1] Tá an fógra folúntais ar fáil i dteangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh. Má bhíonn aon neamhréireacht ann, is é Béarla an teanga bhunaidh agus an teanga atá i réim. Is chun críocha eolais amháin iad na teangacha eile.
[2] De réir Airteagal 2(a) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (CEOS).
[3] Cúig bliana a bheidh i dtéarma oifige Stiúrthóir Feidhmiúcháin ESMA agus féadfar síneadh a chur leis an téarma sin uair amháin. Maireann an tréimhse phromhaidh don chéad chonradh ar feadh naoi mí.
[4] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí)
[5] https://www.esma.europa.eu/maidir-le-esma/cé-muid
https://www.esma.europa.eu/maidir-le-esma/eolas-achomhair-faoi-esma/esma-organigramme

Baineann ESMA a mhisean amach laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais (CEMA) trí chomhoibriú gníomhach le hÚdaráis Náisiúnta Inniúla (go háirithe le rialtóirí an mhargaidh urrús) agus leis an Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), leis an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) agus leis an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS). Tá seasamh ar leith ag ESMA laistigh de CEMA ó tharla go ndíríonn sé ar na margaí urrús agus airgeadais agus ar ghnéithe uileghabhálacha Eorpacha na gcuspóirí sin.
Má theastaíonn tuilleadh eolais uait, féach ar shuíomh gréasáin ESMA: http://www.esma.europa.eu

## 2. Creat agus próifíl an phoist

Tá nós imeachta roghnúcháin á eagrú ag ESMA don phost mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ESMA.

Comhalta lánaimseartha, neamhspleách, gairmiúil d'fhoireann ESMA is ea an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, atá lonnaithe i bPáras (an Fhrainc). Tá sé/sí freagrach as bainistíocht laethúil ESMA agus as clár oibre ESMA a shocrú agus a fheidhmiú.
Beidh sé/sí cuntasach do Bhord Maoirseoirí ESMA agus dá Chathaoirleach go háirithe, agus tuairisceoidh sé/sí don Bhord Maoirseoirí ar bhonn leanúnach maidir le forbairt ghníomhaíochtaí ESMA.
Mairfidh téarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin cúig bliana agus féadfar síneadh a chur leis an téarma sin uair amháin.

**Príomhdhualgais:**

Beidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin ESMA freagrach as na cúraimí a leagtar síos sa Rialachán lena mbunaítear ESMA[6], agus go háirithe as na nithe seo a leanas:

- Bainistiú an Údaráis agus obair an Bhoird Bainistíochta a ullmhú;
- Clár oibre ilbhliantúil a ullmhú agus gach bliain clár oibre a ullmhú don bhliain dár gcionn;
- Clár oibre bliantúil an Údaráis a chur chun feidhme faoi threoir an Bhoird Maoirseoirí agus faoi rialú an Bhoird Bainistíochta;
- Réamh-dhréachtbhuiséad an Údaráis a ullmhú agus buiséad an Údaráis a chur chun feidhme, agus rialacháin airgeadais an AE a chomhlíonadh ina n-iomláine;
- Acmhainní daonna ESMA a bhainistiú;
- Dréacht-tuarascáil bhliantúil a ullmhú gach bliain; agus
- Gach beart is gá a dhéanamh, lena n-áirítear treoracha inmheánacha riaracháin a ghlacadh agus fógraí a fhoilsiú, chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an tÚdarás i gcomhréir le Rialachán ESMA.

## 3. Cáilíochtaí gairmiúla agus riachtanais eile

### A. Critéir incháilitheachta

Chun a bheith incháilithe, ní mór do na hiarrthóirí na critéir incháilitheachta ar fad atá liostaithe thíos a shásamh faoin spriocdháta chun iarratais a chur isteach:

[6] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010

- Leibhéal oideachais arb ionann é agus **ceithre bliana** de staidéar ollscoile críochnaithe arna fhianú le dioplóma[7], agus **cúig bliana déag (15)** de thaithí ghairmiúil chruthaithe a bheith gnóthaithe acu tar éis dóibh an dioplóma a bhaint amach[8]
  NÓ
  leibhéal oideachais arb ionann é agus **trí bliana** de staidéar ollscoile críochnaithe arna fhianú le dioplóma[9], agus **sé bliana déag (16)** de thaithí ghairmiúil chruthaithe tar éis dóibh an dioplóma a bhaint amach[10];
- A bheith ina náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach;
- A bheith i dteideal a gceart iomlán mar shaoránach[11];
- Aon oibleagáidí arna bhforchur le dlíthe is infheidhme a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;
- Eolas críochnúil ar cheann amháin de theangacha an Aontais Eorpaigh[12] agus eolas sásúil[13] ar theanga eile de chuid an Aontais Eorpaigh;
- A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh[14];
- A bheith in ann an sainordú iomlán cúig bliana a chríochnú sula mbainfidh sé/sí aois scoir amach[15].

**B. Critéir roghnúcháin**

**AN CHÉIM RÉAMHSCAGTHA**

Déanfar na hiarratais a chomhlíonann na critéir Incháilitheachta thuasluaite (cuid A) a mheasúnú agus a scóráil de réir na mBunriachtanas (cuid B.1). Maidir le hiarrthóirí nach gcomhlíonann gach ceann de na Bunriachtanais (cuid B.1), eisiafar iad ón bpróiseas roghnúcháin.

Na hiarrthóirí a chomhlíonann na Bunriachtanais ar fad (cuid B.1), déanfar iad a mheasúnú agus a scóráil de réir na gceanglas Buntáisteach (cuid B.2). Laistigh den mheastóireacht chomparáideach seo ar iarratais, tabharfar cuireadh chun agallaimh leis an mBord Roghnúcháin do suas le 8 de na hiarrthóirí is fearr a ghnóthaíonn na marcanna is airde.

---

[7] Ní bhreithneofar ach cáilíochtaí a bronnadh i mBallstáit AE nó cáilíochtaí a bhfuil teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis Ballstáit AE ina leith.
[8] Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le conas an taithí ghairmiúil a ríomh, féach ar an doiciméad dar teideal “Treoirlínte d’Iarrthóirí” a foilsíodh ar shuíomh gréasáin ESMA https://www.esma.europa.eu/maidir-le-esma/gairmeacha
[9] Féach fonóta 7.
[10] Féach fonóta 8.
[11] Roimh an gceapachán, iarrfar ar an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi teastas ó na póilíní a chur ar fáil a léiríonn nach bhfuil aon taifead coiriúil aige/aici.
[12] Is iad seo teangacha an AE: Bulgáiris, Cróitis, Seicis, Danmhairgis, Ollainnis, Béarla, Eastóinis, Fionlainnis, Fraincis, Gearmáinis, Gréigis, Ungáiris, Gaeilge, Iodáilis, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Slóvaicis, Slóivéinis, Spáinnis, agus Sualainnis.
[13] Leibhéal B2, ar a laghad, de réir an Chreata Chomhchoitinn Tagartha Eorpaí le haghaidh Teangacha: http://europass.cedefop.europa.eu/ga/acmhainní/leibhéil-teangacha-eorpacha-cefr
Cuirfear na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh faoi scrúdú béil chun a gcuid eolais ar an dara teanga AE a thástáil.
[14] Sula gceapfar é/í, scrúdóidh lárionad leighis ESMA an t-iarrthóir a n-éiríonn leis/léi lena dhearbhú go gcomhlíonann an t-iarrthóir ceanglais Airteagal 12(2) (d) de CEOS (corpacmhainn fhisiciúil chun na dualgais a chomhlíonadh).
[15] Sainmhínítear aois scoir an ghníomhaire shealadaigh mar dheireadh na míosa ina slánaíonn an duine 66 bliain d’aois.

### B.1. Bunriachtanais

a) Cúig bliana déag (15), ar a laghad, de thaithí (gnóthaithe tar éis an leibhéal oideachais riachtanach a bhaint amach, féach cuid 3A), agus cúig bliana (5) díobh sin, ar a laghad, i bpost sinsearach i réimse ghníomhaíochtaí ESMA;
b) Taithí i ról bainistíochta lena mbaineann leibhéal ard freagrachta ar feadh 5 bliana, ar a laghad[16];
c) Béarla scríofa agus labhartha den scoth[17].

### B.2. Riachtanais bhuntáisteacha

d) Eolas agus taithí chruthaithe ar mhargaí airgeadais, rialáil airgeadais agus/nó maoirseacht/maoirsiú ar mhargaí urrús ag leibhéal náisiúnta, AE nó idirnáisiúnta;
e) Tuiscint chríochnúil ar institiúidí AE, ar phróisis chinnteoireachta AE, ar ghníomhaíochtaí AE agus idirnáisiúnta atá ábhartha do ESMA;
f) Cumas cruthaithe chun cinntí a dhéanamh, ag leibhéal straitéiseach agus ag leibhéal oibríochtúil araon;
g) Taithí ar bhainistíocht buiséid, acmhainní airgeadais agus/nó acmhainní daonna i gcomhthéacs náisiúnta, Eorpach agus/nó idirnáisiúnta;
h) An cumas foireann a stiúradh agus a spreagadh, lena n-áirítear foireann theicniúil, riaracháin agus tacaíochta;
i) Taithí oibre i dtimpeallacht ilchultúrtha; agus
j) Inspreagadh don phost a fógraíodh.

### B.3. Riachtanais bhreise

k) Sárscileanna cumarsáide agus cur i láthair agus an cumas ábhair chasta a chur i láthair go soiléir agus go simplí, ó bhéal agus i scríbhinn, bíodh sin go poiblí nó ag cruinnithe le páirtithe leasmhara inmheánacha nó seachtracha;
l) Sárscileanna idirphearsanta, lena n-áirítear an cumas déileáil le agus idirbheartaíocht a dhéanamh le hionadaithe ardleibhéil rialtais agus le rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais;
m) Tuiscint láidir ar fhreagracht, ionracas, tionscnaíocht, féinspreagadh agus tiomantas d'obair ar mhaithe le leas an phobail agus freastal ar an AE ina iomláine.

## <u>CÉIM NA N-AGALLAMH</u>

Na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh (suas le 8), cuirfear comhdhéanamh an Bhoird Roghnúcháin in iúl dóibh (sa chuireadh). Déanfar measúnú ar na hiarrthóirí le linn an agallaimh de réir na gcritéar roghnúcháin ar fad (cuid B1 & B2 & B3).

---

[16] Ní mór d'iarratasóirí cur síos a dhéanamh le haghaidh gach post bainistíochta: 1). An teideal agus ról bainistíochta a bhí ag an duine 2). Líon na gcomhaltaí foirne a bhí a rabhthas i mbun maoirseachta orthu, 3). An buiséad a rabhthas freagrach as é a bhainistiú; agus 4). Líon na sraitheanna ordlathais os cionn agus faoi bhun, chomh maith le líon na bpiaraí san eagraíocht.
[17] Béarla ag leibhéal B2, ar a laghad https://europass.cedefop.europa.eu/acmhainní/leibhéil-eorpacha-teanga-cefr
Is é Béarla teanga oibre inmheánaí ESMA, arna chinneadh ag Bord Bainistíochta ESMA leis an gcinneadh ESMA/2011/MB/3 de 11/01/2011. Leis an gcinneadh seo cuirtear chun feidhme Airteagal 73 (2) de Rialachán ESMA (AE) Uimh. 1095/2010 lena mbunaítear ESMA.

Mar thoradh ar na hagallaimh, cuirfear suas le cúigear iarrthóirí ar an liosta ionadaithe agus tabharfar cuireadh dóibh freastal ar ionad measúnaithe aon lae, agus cuirfidh Bord Maoirseoirí ESMA iad faoi agallamh ina dhiaidh sin.

Is é an nós imeachta roghnúcháin seo an bonn atá le bunú an phainéil ionadaithe. Ní hionann áit ar an liosta ionadaithe agus ráthaíocht go gceapfar duine. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go bhféadfadh an liosta ionadaithe a bheith ar fáil go poiblí, a luaithe a bheidh glactha ag an mBord Roghnúcháin leis.

Tá obair agus plé an Bhoird Roghnúcháin faoi rún daingean agus tá dianchosc ar aon teagmháil le comhaltaí an Bhoird. Is ionann aon teagmháil a dhéanann na hiarrthóirí nó tríú páirtithe chun tionchar a imirt ar Chomhaltaí an Bhoird Roghnúcháin i dtaca leis an roghnú agus forais le dícháiliú ón nós imeachta roghnúcháin.

Mar chéad chéim eile, iarrfar ar na hiarrthóirí gearrliostaithe (suas le 5) cur i láthair a dhéanamh ar thopaic réamhshainithe (agus agallamh ina dhiaidh sin) ag Bord Maoirseoirí ESMA. Déanfar an cur i láthair agus na hagallaimh ar an lá céanna. Cuirfear topaic an chuir i láthair in iúl do na hiarrthóirí gearrliostaithe sa chuireadh chun agallaimh leis an mBord Maoirseoirí.

Is é an Bord Maoirseoirí a cheapfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, tar éis do Pharlaimint na hEorpa an ceapachán a dhaingniú. Is é an **1 Bealtaine 2021** an dáta atá beartaithe chun tús a chur leis an gconradh.

D'fhéadfadh go mbeadh ar iarrthóirí tabhairt faoi agallaimh bhreise agus/nó tástálacha breise a dhéanamh, sa bhreis ar a bhfuil thuasluaite.

## 4. Oibleagáidí eitice

Gníomhaíonn Stiúrthóir Feidhmiúcháin ESMA go neamhspleách agus go hoibiachtúil chun leasa an Aontais ina iomláine, agus chuige sin amháin, agus ní lorgóidh sé/sí ná ní ghlacfaidh sé/sí treoracha ó Institiúidí ná comhlachtaí an Aontais, ná ó aon rialtas ná ó aon chomhlacht príobháideach nó poiblí eile. Cloíonn Stiúrthóir Feidhmiúcháin ESMA le Beartas Coinbhleachta Leasa ESMA agus le Cód Dea-iompair Riaracháin ESMA, agus cuireann sé/sí iad chun cinn go gníomhach[18]. Tá sé/sí faoi réir cheanglais na rúndachta gairmiúla le linn dó/di a bheith ag obair in ESMA agus i ndiaidh dó/di ESMA a fhágáil[19].

Oibleagáidí na n-iarrthóirí

Maidir leis na hiarrthóirí a n-éireoidh leo agus a bheidh ar an liosta ionadaithe (i.e. na hiarrthóirí a chuirfidh an Bord Maoirseoirí faoi agallamh) cuirfear in iúl dóibh go mbeidh orthu dhá dhearbhú a sholáthar: dearbhú maidir le coinbhleacht leasa[20] agus dearbhú maidir leis an rún atá acu gníomhú go neamhspleách ar mhaithe le leas an phobail agus maidir le rúndacht ghairmiúil.

[18] Tá an t-eolas ar fad maidir leis na rialacha coinbhleachta leasa is infheidhme maidir le Stiúrthóir Feidhmiúcháin ESMA ar fáil anseo: https://www.esma.europa.eu/maidir-le-esma/rialachas/eitic-agus-coinbleacht-leasa
[19] Féach ar Airteagail 11, 16 agus 17 de Rialacháin Foirne AE agus Airteagal 11 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile, mar aon le hAirteagal 70 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 lena mbunaítear ESMA.
[20] I gcomhréir le hAirteagail 11 agus 11a de na Rialacháin Foirne agus le hAirteagal 11 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (CEOS)

Ceanglófar ar an iarrthóir a roghnófar aon leas pearsanta, go háirithe leasanna teaghlaigh nó airgeadais, nó leasanna eile de chuid tríú páirtithe (e.g. leasanna a bhaineann le poist a bhí aige/aici roimhe sin) a dhearbhú do ESMA, ar leas é a d'fhéadfadh a neamhspleáchas a lagú, nó a d'fhéadfadh a neamhspleáchas a lagú dá gceapfaí é/í mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ESMA agus a d'fhéadfadh, dá réir sin, a bheith ina chúis le haon choinbhleacht leasa iarbhír, fhéideartha nó amhrasta ábhartha don phost. Déanfar dearbhuithe leasanna na n-iarrthóirí a scrúdú i gcomhréir le Beartas Coinbhleachta Leasa agus Eitice ESMA d'fhoireann ESMA[17].

Oibleagáidí iarfhostaíochta

Beidh de cheangal[21] ar an duine a d'fhóin mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ESMA imréiteach a lorg ó ESMA (go ceann dhá bhliain tar éis ESMA a fhágáil) sula rachaidh sé/sí i mbun gníomhaíochta eile. Má bhaineann an ghníomhaíocht sin leis an obair a rinneadh le linn na dtrí bliana dheireanacha seirbhíse ag ESMA, agus má chreideann ESMA go bhféadfadh coinbhleacht le leasanna dlisteanacha ESMA a bheith mar thoradh uirthi, féadfaidh ESMA a fhormheas a thabhairt faoi réir aon choinníollacha is cuí leis nó a chuirfeadh cosc ar an ngníomhaíocht. Ní údarófar gníomhaíochtaí a chuirfeadh Stiúrthóir Feidhmiúcháin ESMA i gcás coinbhleachta leasa.

## 5. Conas iarratas a dhéanamh

Chun iarratas a dhéanamh, ní mór d'iarrthóirí na doiciméid seo a leanas a sheoladh chuig vacancies@esma.europa.eu faoin spriocdháta sonraithe

- Ní mór an méid seo a leanas a bheith san iarratas: **CV (formáid Eorpach)**[22] agus **litir inspreagtha** i mBéarla (teanga oibre ESMA);
- Ní mór na doiciméid iarratais a mharcáil, dá réir sin, le huimhir thagartha an fhógra folúntais (féach na teimpléid thíos).

**CV san fhormáid Eorpach**[23], sábháilte mar:
ESMA_2020_VAC10_AD14_SLOINNE_Céadainm_CV

**Litir inspreagtha** nach mó ná 2 leathanach, ina mínítear spéis agus inspreagadh an iarrthóra don phost áirithe seo, agus atá sábháilte mar seo a leanas:
ESMA_2020_VAC10_AD14_SLOINNE_Céadainm_Litir inspreagtha

Tásc i líne ábhair an ríomhphoist:
ESMA_2020_VAC10_AD14_SLOINNE_Céadainm

[21] Féach go háirithe Teideal a Ceathair de Chinneadh C(2018)4048 deiridh ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2018 maidir le gníomhaíochtaí agus tascanna seachtracha agus maidir le gairm tar éis an tSeirbhís a fhágáil, mar atá ionchorpraithe i mBeartas um Choinbhleacht Leasanna ESMA.
[22] http://europass.cedefop.europa.eu/ga/doiciméid/curriculum-vitae
[23] http://europass.cedefop.europa.eu/ga/doiciméid/curriculum-vitae

Ní mór doiciméid iarratais a chomhlánú i mBéarla[24]. Chun go mbreithneofar iad, ní mór iarratais a bheith faighte faoi 23:59:59 CET ar an dáta deiridh. Molaimid d'iarrthóirí a n-iarratas a chur isteach i bhfad roimh an spriocdháta, chun fadhbanna a sheachaint.

Féach na Treoirlínte d'Iarrthóirí chun treoracha a fháil maidir le d'iarratas a chomhlánú.

Déanfar an comhfhreagras go léir trí ríomhphost, mar sin ba cheart d'iarrthóirí a chinntiú go bhfuil an seoladh ríomhphoist ceart agus go ndéantar é a sheiceáil go rialta.

Measúnófar iarrthóirí de réir na gcritéar incháilitheachta agus roghnúcháin atá sonraithe san fhógra folúntais (mar a mhínítear i gcuid 3) agus ní mór iad sin a chomhlíonadh faoin spriocdháta chun iarratais a chur isteach.

Tá beartas comhdheiseanna á chur i bhfeidhm ag ESMA.

## 6. Achoimre ar na coinníollacha fostaíochta

- D'fhéadfaí go dtairgfí conradh fostaíochta cúig bliana, d'iarrthóirí seachtracha a n-éireoidh leo, mar ghníomhaire sealadach 2(a) agus d'fhéadfaí síneadh amháin a chur leis[25].
- Earcófar iarrthóirí seachtracha a n-éireoidh leo sa ghrád agus rangófar iad i gcéim 1 nó i gcéim 2.

| Grád/céim | Riachtanais íosta i gcomhair rangú i gcéim[26] *(an leibhéal riachtanach staidéir ollscoile + íoslíon blianta taithí tar éis céim ollscoile a bhaint amach)* | Glantuarastal míosúil, gan liúntais[27] | Tuarastal glan míosúil, liúntais shonracha/teaghlaigh san áireamh[28] |
|---|---|---|---|
| AD14 céim 1 | Céim ollscoile 4 bliana + 15 bhliain de thaithí | EUR 11 750 | EUR 16 360 |
| AD14 céim 2 | Céim ollscoile 4 bliana + 21 bliain de thaithí | EUR 12 130 | EUR 16 870 |

*Coinníollacha airgeadais*

- Mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ESMA, beidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi i dteideal liúntas bainistíochta (4.2% den bhuntuarastal) faoi réir na tréimhse trialach 9 mhí a chur i gcrích go rathúil;
- Is iad na tuarastail is infheidhme maidir le comhaltaí foirne uile an AE na tuarastail a íocann ESMA. Tá siad faoi réir na comhéifeachta ceartúcháin don Fhrainc (117.7% faoi láthair).

[24] Is é Béarla teanga oibre inmheánaí ESMA, arna chinneadh ag Bord Bainistíochta ESMA leis an gcinneadh ESMA/2011/MB/3 de 11/01/2011. Leis an gcinneadh seo cuirtear chun feidhme Airteagal 73 (2) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ESMA lena mbunaítear ESMA.
[25] Tá an fhéidearthacht ann go bhféadfadh an Bord Maoirseoirí síneadh a chur leis an gconradh uair amháin tar éis meastóireachta.
[26] Cinneadh ó Bhord Bainistíochta ESMA ESMA-2014-MB-14, lena nglactar forálacha ginearálta cur chun feidhme maidir leis na critéir is infheidhme maidir le rangú i gcéim ar cheapachán nó ar rannpháirtíocht - Cinneadh ón gCoimisiún (C(2013) 8970 de 16/12/2013): https://www.esma.europa.eu/suíomhanna/réamhshocrú/comhaid/leabharlann/cinneadh_maidir_le_rangú_i_gcéim_2013.pdf
[27] Meastachán ar an tuarastal glan, lena n-áirítear an chomhéifeacht cheartúcháin don Fhrainc, asbhaint i leith cánach agus slándála sóisialta, gan aon liúntais (ríomhadh an meastachán seo d'iarrthóir atá singil agus nach bhfuil i dteideal liúntas easaoránachta sa Fhrainc agus liúntas bainistíochta).
[28] Meastachán ar an tuarastal glan, lena n-áirítear an chomhéifeacht cheartúcháin don Fhrainc, asbhaint i leith cánach agus slándála sóisialta agus na liúntais san áireamh (ríomhadh an meastachán seo d'iarrthóir atá i dteideal liúntas easaoránachta, liúntas teaghlaigh agus ag a bhfuil leanbh cleithiúnach amháin, agus liúntas bainistíochta). Braitheann liúntais in aon chás ar staid phearsanta an iarrthóra.

- Tá tuarastail faoi réir cháin an Aontais a asbhaintear ag an bhfoinse, agus tá siad díolmhaithe ó chánachas náisiúnta.
- Ag brath ar staid an teaghlaigh aonair agus ar an áit tionscnaimh, d'fhéadfadh go mbeadh sealbhóir an phoist a n-éireoidh leis/léi i dteideal: liúntas easaoránachta (16% den bhuntuarastal), liúntas teaghlaigh, liúntas linbh chleithiúnaigh, liúntas oideachais, liúntas réamhscoile, liúntas suiteála, aisíocaíocht costas aistrithe, liúntas cothaithe laethúil sealadach tosaigh, agus sochair eile.

*Árachas Saoire, Pinsin agus Breoiteachta*

- Teidlíocht saoire bliantúla dhá lá in aghaidh na míosa féilire, chomh maith le laethanta sa bhreis ag brath ar aois, grád, 2.5 lá saoire baile más infheidhme, agus ina theannta sin, 17 lá saoire ESMA ar an meán in aghaidh na bliana;
- Scéim Pinsin an Aontais Eorpaigh (tar éis 10 mbliana seirbhíse);
- Comhscéim Árachais Breoiteachta an AE (JSIS), cumhdach tionóisce agus galair cheirde, liúntas dífhostaíochta agus easláine agus árachas, agus
- Oiliúint ghinearálta agus ghairmiúil infheidhme, agus deiseanna forbartha gairmiúla;

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait, féach ar leathanach Gairme ESMA:
https://www.esma.europa.eu/maidir-le-esma/gairmeacha

## 7. Cosaint sonraí

Déantar sonraí pearsanta iarrthóirí a phróiseáil de réir mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin.[29] Baineann sé seo go háirithe le rúndacht agus sábháilteacht sonraí den sórt sin. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach ar an ráiteas príobháideachais maidir le nósanna imeachta earcaíochta.

Déanfaidh ESMA gach beart is gá chun rúndacht an nós imeachta a áirithiú, ach ní féidir a chur as an áireamh, áfach, go bhfeicfidh iarrthóirí a chéile lá an agallaimh.

[29] Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018, IO L 295, 21.11.2018, lch. 39